Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2016
(OR. en)

12726/16

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2016/0132 (COD)**
**2016/0131 (COD)**

**ASILE 40**
**EURODAC 10**
**ENFOPOL 312**
**CODEC 1351**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8765/1/16 ASILE 13 EURODAC 3 ENFOPOL 132 CODEC 630 |
| Ábhar: | – Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid lena chéile ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach [Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát ], chun náisiúnach tríú tír nó duine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach sa stát a shainaithint agus maidir le hiarrataí ó údaráis forghníomhaithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha forghníomhaithe dlí (athmhúnlú)<br>– Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint Na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010<br>= Díospóireacht bheartais |

**RIALACHÁN EURODAC**

1. Ar an 4 Bealtaine 2016, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán Eurodac a athmhúnlú[1]. Áirítear sa togra na hathruithe is gá chun córas Eurodac a oiriúnú agus a threisiú i gcomhréir le rialacha nua chóras Bhaile Átha Cliath agus chun an cuspóir atá leis a leathnú chun cuidiú le dul i ngleic leis an imirce neamhrialta agus chun filleadh a éascú.

[1] 8765/1/16 REV 1

2. Ag na cruinnithe a bhí aici ar an 26 Bealtaine, ar an 14 Meitheamh agus ar an 14 Iúil, scrúdaigh an Mheitheal um Thearmann an togra go mion mar aon leis na moltaí comhréitigh ón Uachtaránacht lena léirítear na barúlacha a rinneadh. Cé go bhfuil forchoimeádais ghrinnscrúdaithe ag mórán toscaireachtaí fós, léirigh siad go dtacaíonn siad i gcoitinne le cuspóirí an togra go leathnófaí a raon feidhme tríd an deis a áireamh ann go bhféadfadh na Ballstáit sonraí a storáil agus a chuardach a bhaineann le daoine nach iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta iad ionas go bhféadfaí iad a shainaithint chun críocha fillte agus athligin isteach.

3. Ceann de na saincheisteanna is gá a scrúdú tuilleadh agus a bhfuil tuilleadh treorach de dhíth ina leith is ea na coinníollacha maidir le rochtain ar Eurodac a bheith ag údaráis forfheidhmithe dlí.

Le Rialachán 2013 Eurodac, tugadh isteach rochtain ar an mbunachar sonraí ag údaráis forfheidhmithe dlí chun an sceimhlitheoireacht agus cionta tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Na sonraí atá in Eurodac, tá siad ar fáil, faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Rialachán, chun go bhféadfaidh údaráis ainmnithe na mBallstát agus Europol comparáid a dhéanamh eatarthu.

Cé nár leasaíodh sa togra na forálacha a bhaineann le rochtain i ndáil le forfheidhmiú an dlí, tagraíonn aithris 14 d'obair an Ghrúpa Saineolaithe maidir le Córais Faisnéise agus Idir-inoibritheacht, a bunaíodh ar bhonn na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le Córais Níos Láidre agus Níos Cliste do Theorainneacha agus don tSlándáil[2], inar cheart, i measc nithe eile, féachaint an gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil don rochtain ar Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí. Tarraingíodh aird ar an Treochlár[3] chomh maith, ina bhfuil gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar an mbainistiú faisnéise agus ar an malartú faisnéise i réimse CGB.

Ba léir le linn scrúduithe a rinneadh go dtí seo, lena n-áirítear ag cruinniú SCIFA ar an 13 Meán Fómhair[4], go measann a lán Ballstát gur cheart rochtain shimplithe, níos leithne ar EURODAC a thabhairt d'údaráis forfheidhmithe dlí ionas go bhféadfar na sonraí a úsáid chun sceimhlitheoireacht agus bagairtí gaolmhara slándála eile a chosc ar an mbealach is éifeachtúla is féidir. Meastar go bhfuil an rochtain atá ann de réir na rialacha reatha casta agus go bhfuil an liosta de na húdaráis a mbeidh rochtain acu ró-shriantach.

---

[2] 7644/16

[3] Treochlár chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar an bhfaisnéis a bhainistiú lena n-áirítear réitigh idir-inoibritheachta i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile (9368/1/16 REV 1)

[4] 11943/16

4. Ba mhaith leis an Uachtaránacht a iarraidh ar an gComhairle a dhearbhú go dtacóidh sí le rochtain níos leithne agus simplithe a bheith ag údaráis forfheidhmithe dlí ar Eurodac agus a iarraidh ar a comhlachtaí ullmhúcháin bealaí a scrúdú chun na hathruithe iomchuí a dhéanamh ar an togra.

Ag cur san áireamh go háirithe gur ceart an rochtain shimplithe, níos leithne sin chun críocha fhorfheidhmiú an dlí a bheith comhréireach agus riachtanach, iarrtar ar na hAirí raon feidhme agus coinníollacha na n-athruithe sin a chur in iúl, ar cheart, dar leo, a thabhairt isteach sa togra thuas ón gCoimisiún.

**RIALACHÁN MAIDIR LE GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM THEARMANN**

5. Ar an 4 Bealtaine 2016, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann[5]. Is é is aidhm don togra ról EASO a neartú agus gníomhaireacht a dhéanamh de a éascóidh cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET) agus a fheabhsóidh an dóigh a bhfeidhmíonn sé. Tá an Ghníomhaireacht ar cheann de na huirlisí sin a fhéadfar a úsáid go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na laigí struchtúracha in CET, laigí ar géire anois iad mar gheall ar theacht isteach imirceach agus iarrthóirí tearmainn san Aontas ar mhórscála le déanaí.

6. Chuir na Ballstáit tús le mionscrúdú ar an togra ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Thearmann ar an 15 Meitheamh, lean an scrúdú sin ar aghaidh ar an 6 agus ar an 29 Meán Fómhair agus rinne na Ballstáit an chéad bhabhta den scrúdú ar an togra ina iomláine a thabhairt chun críche le linn na gcruinnithe sin. Cé gur dhíol sásaimh d'fhormhór mór na mBallstát aidhm ghinearálta an togra go neartófaí an ról atá ag EASO, is léir ón bplé a rinneadh gur gá roinnt gnéithe den togra a shoiléiriú tuilleadh.

[5] 8742/16 + ADD 1

7. Léirigh na Ballstáit go raibh imní áirithe orthu go háirithe maidir leis an sásra chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar na córais tearmainn agus ghlactha de chuid na mBallstát a cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht a bhunú (Airteagal 13 go hAirteagal 15). Dar le Ballstáit éagsúla, is ró-leathan a bheadh an ról atá á mholadh don Ghníomhaireacht atá beartaithe i ndáil leis sin agus bheadh forluí ann le cumhachtaí an Choimisiúin. Ina theannta sin, mheas roinnt Ballstát gur cheart ról níos mó a bheith acu sa phróiseas faireacháin. Pléadh an tsaincheist sin freisin ag cruinniú a bhí ag SCIFA ar an 13 Meán Fómhair. Tháinig sé chun solais as an bplé sin go bhféadfadh formhór na dtoscaireachtaí glacadh leis go mbeadh ról teoranta ag an nGníomhaireacht san fhaireachán cé gur chuir siad in iúl go láidir gur cheart don Ghníomhaireacht an príomhról atá aici a choimeád, is é sin tacaíocht a sholáthar do na Ballstáit.

8. Chun tuilleadh treorach a fháil maidir leis an tsaincheist sin, ba mhaith leis an Uachtaránacht freagra na nAirí ar an gceist seo a leanas a fháil:

– An n-aontaíonn tú go bhféadfadh an sásra faireacháin do Ghníomhaireacht an Aontais um Thearmann a bheidh ann amach anseo a bheith comhchosúil leis an measúnú leochaileachta mar a leagtar síos sa Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach é rud lena ligfear do Ghníomhaireacht an Aontais um Thearmann faireachán rialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm praiticiúil CET agus ar chumas na mBallstát cúraimí gaolmhara a chur i gcrích?